# AN BORD ATHBHREITHNITHE MEABHAIR-SHLÁINTE (AN DLÍ COIRIÚIL)

## Tuarascáil Bhliantúil, 2020

**An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte**
**(An Dlí Coiriúil)**
**7 Plás Íle**
**Baile Átha Cliath 2, D02 TW98**
**Teileafón: (01) 8592296**
**R-phost: mhclrb_inbox@justice.ie**
**Suíomh Gréasáin: www.mhclrb.ie**

# CLÁR AN ÁBHAIR


| | |
|---|---|
| **Réamhrá an Chathaoirligh** | **Lth. 3** |
| **Feidhm an Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)** | **Lth. 6** |
| **Athbhreithnithe ag an mBord** | **Lth. 6** |
| **An Scéim um Chúnamh Dlíthiúil Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)** | **Lth. 9** |
| **Orduithe um Urscaoileadh** | **Lth. 10** |
| **An Cion, nó an Cion Líomhnaithe, ba Thromchúisí** | **Lth. 11** |
| **Imeachtaí Dlí** | **Lth. 11** |
| **Faisnéis Airgeadais** | **Lth. 12** |
| **Sainfháil** | **Lth. 13** |
| **Nochtadh Cosanta** | **Lth. 13** |
| **Cosaint Sonraí** | **Lth. 13** |
| **Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine** | **Lth. 13** |
| **Rialachas agus Rialuithe Inmheánacha** | **Lth. 14** |


## FOSCRÍBHINNÍ


| | |
|---|---|
| **Foscríbhinn A – Líon na nÉisteachtaí in aghaidh na Míosa in 2020/2019** | **Lth. 19** |
| **Foscríbhinn B – Líon na nOthar arna nAthbhreithniú in aghaidh an Fháthmheasa in 2020/2019** | **Lth. 20** |
| **Foscríbhinn C – Líon na nÉisteachtaí de réir Chineál an Athbhreithnithe in 2020/2019** | **Lth. 21** |
| **Foscríbhinn D – Líon na nÉisteachtaí in 2020/2019 de réir an Ailt den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, arna leasú** | **Lth. 22** |
| **Foscríbhinn E – Meánlíon na gCásanna a Sannadh d'Ionadaithe Dlíthiúla ar an bPainéal um Chúnamh Dlíthiúil in 2020/2019** | **Lth. 23** |
| **Foscríbhinn F – Líon na nOthar a Urscaoileadh go Coinníollach in 2020/2019** | **Lth. 24** |
| **Foscríbhinn G – An Cion, nó an Cion Líomhnaithe, ba Thromchúisí** | **Lth. 25** |

## 1. RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH

Tá áthas orm arís Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) a thíolacadh. Is í seo an 14ú Tuarascáil Bhliantúil ón mBord Athbhreithnithe, ina leagtar amach gníomhaíochtaí an Bhoird le linn 2020.

In 2020, cruthaíodh deacracht don Bhord Athbhreithnithe maidir lena ghnó a sheoladh ag féachaint do phaindéim CHÓIVID-19 agus na dúshláin go léir a bhain leis sin. I mí an Mhárta thoiligh an tAire Dlí leis an mBord Athbhreithnithe do lesasú a nósanna imeachta chun a chumasú éisteachtaí a sheoladh trí theilea-chomhdháil. Leis seo, cuireadh modh ar fáil lena bhféadfaí leanúint le héisteachtaí athbhreithnithe, á chumasú d'othair agus dá n-ionadaithe dlíthiúla éisteacht a fháil, ag cloí leis na treoirlínte náisiúnta chun leathadh na paindéime a chosc. D'ainmnigh an tAire an Bord Athbhreithnithe freisin, faoi Ailt 29 agus 31 den Acht um an Dlí Sibhialta agus an Dlí Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2020, chun a fhoráil go bhféadfaí cruinnithe agus éisteachtaí an Bhoird a sheoladh go cianda.

Le linn 2020, tháinig méadú beag ar líon na n-éisteachtaí athbhreithnithe a sheol an Bord. Sheol an Bord 203 éisteacht athbhreithnithe maidir le coinneáil othar arna gcoinneáil sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar i gcomparáid le 198 an bhliain roimhe sin. Rinne an Bord athbhreithniú ar choinneáil 90 othar i gcomparáid le 91 in 2019. Deonaíodh urscaoileadh coinníollach do sheisear den 90 othar, i gcomparáid le cúig urscaoileadh coinníollach a cheadaigh an Bord in 2019.

In 2020, freisin, chuaigh an Bord ar aghaidh go dtí an 33ú, an 34ú agus an 35ú hathbhreithniú a sheoladh maidir le coinneáil roinnt othar.

Fuair an Bord ceithre iarratas ar urscaoileadh neamhchoinníollach in 2020 agus bhí dhá iarratas nach raibh curtha i gcrích ann ón mbliain roimhe sin. Dheonaigh an Bord trí iarratas ar urscaoileadh neamhchoinníollach, diúltaíodh d'iarratas amháin, cuireadh éisteacht amháin ar atráth le breithniú tuilleadh in 2021 agus tharraing iarratasóir amháin a iarratas siar.

Ar an 6ú Meán Fómhair 2020, ghlac an Bord páirt sa 5ú Cruinniú Comhchéime Bliantúil de Ghníomhaireachtaí Dlí agus Cirt agus Comhionannais, a d'óstáil an tAire Dlí agus Cirt.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le Stiúrthóir Feidhmiúcháin Cliniciúil an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar, an tOllamh Harry Kennedy, agus an Stiúrthóir Cliniciúil, an Dr. Brenda Wright, as a gcabhair le linn na bliana. Tuigim gur ghabh dúshláin don ospidéal le paindéim CHÓIVID-19 chun othair agus an fhoireann a choimeád chomh slán agus ab fhéidir, fad a bhí orthu leanúint ar aghaidh le gnáthshaol an ospidéil. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don chúnamh agus comhoibriú ó bhainistíocht agus foireann an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar maidir le socruithe chun leanúnachas obair an Bhoird a éascú trí mhodh cianda le linn na tréimhse seo. Gabhaim buíochas leis na foirne ildisciplíneacha as a gcuid oibre ag ullmhú tuarascálacha síciatracha roimh éisteachtaí athbhreithnithe. Is eol don Bhord gur obair fhadálach atá san obair sin do gach duine a bhíonn páirteach inti. Tá an Bord buíoch as an gcomhoibriú leanúnach

ó shíciatraithe comhairleacha, altraí, teiripeoirí, seirbhísí sóisialta agus foireann riaracháin an ospidéil.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú freisin chun gach rath a ghuí ar fhoireann agus othair an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar in 2021 leis an bplean chun an tSeirbhís Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí a aistriú go dtí a hionad nua i bPort Reachrann.

Gabhaim buíochas freisin le comhaltaí Phainéal Ionadaithe Dlíthiúla an Bhoird a fheidhmíonn go cumasach coinsiasach i gcónaí d'othair ag a gcuid éisteachtaí athbhreithnithe agus as a gcomhoibriú agus éisteachtaí athbhreithnithe á seoladh trí mhodh cianda le linn 2020.

Gabhaim buíochas le foireann an Bhoird, Paula Connolly Uas., Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, Catherine Hayes Uas. agus Ann Casey Uas., as an tseirbhís shármhaith a thug siad don Bhord le linn na bliana.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom ár n-iarchomhalta uasal, an Dr. Michael Mulcahy, a fuair bás, ar an drochuair, ar an 1ú Eanáir 2021, a lua. Ba chomhalta luachmhar den Bhord Athbhreithnithe an Dr. Mulcahy ar feadh go leor blianta ó bunaíodh é in 2006 go dtí go ndeachaigh sé ar scor in 2017. Bhí ardmheas air as a ghairmiúlacht mar aon le comhbhá chroíúil ar mhór ag gach éinne í.

**Iarfhlaith Ó Néill**
**Cathaoirleach**

**Márta 2021**

## 2. FEIDHM AN BHOIRD ATHBHREITHNITHE MEABHAIR SHLÁINTE (AN DLÍ COIRIÚIL)

Bunaíodh an Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) le hAlt 11 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, agus tháinig an Bord chun bheith ann ar an 27 Meán Fómhair 2006. Tá an Bord Athbhreithnithe freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil othar arna n-atreorú chuig lárionaid ainmnithe ag eascairt as cinneadh ag na cúirteanna nach bhfuil siad inniúil chun trialach nó gur cinneadh iad a bheith neamhchiontach i gcion de dheasca gealtachta. Faoi Acht 2006, arna leasú leis an Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2010, tá sé de chumhacht ag an mBord a ordú leanúint d'othair a choinneáil, nó a n-urscaoileadh coinníollach, nó neamh-choinníollach, a ordú, ag féachaint do leas an othair agus do leas an phobail. Déanann an Bord athbhreithniú freisin ar choinneáil príosúnach, lena n-áirítear príosúnaigh mhíleata, a ndearnadh iad a aistriú chuig lárionad ainmnithe agus neamhord meabhrach orthu. Féadfaidh an Bord a ordú leanúint dá gcoinneáil nó iad a chur ar ais sa phríosún. Tá an Bord neamhspleách go reachtúil i bhfeidhmiú a fheidhmeanna.

Faoi láthair is lárionad ainmnithe an Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar, Dún Droma, faoi Acht 2006. I mí Aibreáin 2020, ainmníodh Aonad amháin ar champas nua na Seirbhíse Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí i bPort Reachrann faoin Acht mar gheall ar an ngá cóiríocht bhreise a chur ar fáil de dheasca phaindéim CHÓIVID-19.

## 3. ATHBHREITHNITHE AG AN mBORD

De ghnáth, bíonn idir 80 agus 90 othar á gcoinneáil aon tráth áirithe sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, arna leasú.

Tagann athrú ar an líon sin mar go ndéantar, seachas na hothair arna gcoinneáil ar feadh tréimhsí níos faide, othair a aistriú ó phríosún, le toiliú nó dá n-ainneoin, chun go dtabharfar cúram nó cóireáil dóibh nach mbíonn ar fáil dóibh i bpríosún. Féadfaidh sé, áfach, nach ndéanfaidh an Bord athbhreithniú ar choinneáil daoine de na hothair sin mar go bhféadfaidh an Stiúrthóir Cliniciúil iad a aistriú ar ais chuig príosún sula mbeidh éisteacht athbhreithnithe ann.

Ní foláir don Bhord coinneáil gach othar a athbhreithniú i gceann tréimhsí nach faide ná sé mhí. Dá bhrí sin, déantar dhá athbhreithniú d'othair fhadtéarmacha in aghaidh na bliana. Lasmuigh de na héisteachtaí arna sceidealú go rialta, féadfaidh an Bord, dá thionscnamh féin, coinneáil othar a athbhreithniú de réir mar is cuí leis. Féadfaidh othar nó Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar athbhreithniú a iarraidh freisin. Féadfaidh an tAire Dlí agus Cirt a ordú don Bhord freisin athbhreithniú a sheoladh maidir le coinneáil príosúnaigh agus é nó í san ospidéal dá ainneoin nó dá hainneoin.

Le linn 2020, rinne an Bord athbhreithniú ar choinneáil 90 othar san iomlán. As an 90 othar, ba mhná 10 (nó 11%) díobh agus b'fhir 80 (nó 89%) díobh. Seoladh 203 éisteacht san iomlán i gcomparáid le 198 sa bhliain roimhe sin, méadú 2½% ar líon na n-éisteachtaí athbhreithnithe. As an 90 othar, fáthmheasadh scitsifréine a bheith ar 66% díobh, neamhord scitseamhothachtálach a bheith ar 17% díobh agus neamhoird eile a bheith ar 17% díobh, i gcomparáid le 2019 nuair a athbhreithníodh coinneáil 91 othar, agus inar fáthmheasadh scitsifréine a bheith ar 66% díobh, neamhord scitseamhothachtálach a bheith ar 19% díobh agus neamhoird eile a bheith ar 15%

díobh.  Is ceart a thabhairt do d'aire go ndéanann an Bord athbhreithniú i leith an chroíghrúpa chéanna othar gach bliain.  (Féach Foscríbhinní A agus B maidir leis seo).

Den chéad uair, sheol an Bord an 33ú, an 34ú agus an 35ú hathbhreithniú ar choinneáil roinnt othar in 2020. Den 203 éisteacht athbhreithnithe, an 33ú hathbhreithniú a bhí i gceist i naoi gcás, an 34ú hathbhreithniú i gceithre chás agus an 35ú hathbhreithniú i gcás amháin.  Bhí 14% de na héisteachtaí ag an 31ú go dtí an 35ú céim ath-bhreithnithe. Bhí 21% de na héisteachtaí ag an 1ú go dtí an 5ú céim athbhreithnithe, i gcomparáid le 25% in 2019.  Astu sin, an 1ú hathbhreithniú a bhí i gceist le hocht athbhreithniú, nó 4%, i gcomparáid le 2019 nuair a bhí 10 gcinn d'athbhreithnithe den sórt sin ann, líon a bhí cothrom le 5% den iomlán. (Féach Foscríbhinn C maidir leis seo).

Bhain tromlach na n-éisteachtaí athbhreithnithe le hothair arna gcimiú chun an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar faoi Alt 5(2) d'Acht 2006, mar gur cinneadh iad a bheith neamhchiontach i gcion de dheasca gealtachta.  In 2020, bhain 161 éisteacht, sin 79% den líon iomlán, le coinneáil othar arna gcimiú faoi Alt 5(2).  150 an líon a bhí sa chatagóir sin in 2019, sin 76% de líon iomlán na n-éisteachtaí an bhliain sin.  Arís in 2020, bhain an dara líon ba mhó de na héisteachtaí athbhreithnithe le hothair arna gcoinneáil faoi Alt 15(2) den Acht, ar phríosúnaigh iad arna n-aistriú dá n-ainneoin chuig an bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar chun cúram nó cóireáil nach bhféadfaí a thabhairt sa phríosún a thabhairt dóibh.  Bhain 9% de na héisteachtaí athbhreithnithe in 2020 leis an ngrúpa sin, i gcomparáid le 11% in 2019.  (Féach Foscríbhinn D maidir leis seo).

## 4. AN SCÉIM UM CHÚNAMH DLÍTHIÚIL MEABHAIR-SHLÁINTE (AN DLÍ COIRIÚIL)

Ceanglaítear ar an mBord, le hAlt 12(1)(c) d'Acht 2006, arna leasú, ionadaí dlíthiúil a shannadh do gach othar ar ábhar d'athbhreithniú a choinneáil nó a coinneáil, mura mbeartaíonn an t-othar ionadaíocht dhlíthiúil a fhostú ar a chostas nó a costas féin. Chuige sin, bhunaigh an Bord an Scéim um Chúnamh Dlíthiúil Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil), 2006, faoinar bunaíodh painéal d'ionadaithe dlíthiúla. Féadfaidh othair, más mian leo, seirbhísí de chuid aturnae a shanntar ón bpainéal a dhiúltú agus aturnae eile ón bpainéal a iarraidh, nó féadfaidh siad aturnae nach ón bpainéal a fhostú ar a gcostas féin. Ar mhaithe le leanúnachas d'othair, ag féachaint don fhíoras go bhfuil neamhord meabhrach orthu, déanann an Bord a dhícheall an t-aturnae céanna a shannadh chun feidhmiú don othar ag éisteachtaí athbhreithnithe ina dhiaidh sin.

Sonraítear le hAlt 3.6 de Théarmaí agus Coinníollacha Scéim um Chúnamh Dlíthiúil an Bhoird Athbhreithnithe go ndéanfaidh an Bord athbhreithniú foirmiúil ar Phainéal na nIonadaithe Dlíthiúla gach trí bliana. Ag féachaint don mhéid sin, cuireadh tús le hathbhreithniú ar Phainéal na nIonadaithe Dlíthiúla i mí Iúil 2020, tar éis don athbhreithniú roimhe sin a bheith curtha i gcrích in 2017. Cuireadh tús leis an athbhreithniú trína fhiafraí de chomhaltaí an Phainéil ar mhian leo fanacht ar an bPainéal. Ón athbhreithniú deiridh i leith, d'athraigh líon na gcomhaltaí ó 27 i dtús 2017 go 24 i ndeireadh 2019. Faoi dheiridh 2020, 25 chomhalta a bhí ar an bPainéal. Tháinig athrú ar líon na n-othar ar theastaigh ionadaíocht dhlíthiúil uathu sa tréimhse sin freisin, ó 83 in 2017, 89 in 2018 go 91 in 2019. Bunaithe ar anailís a rinneadh ar líon na n-othar agus ualach oibre na n-ionadaithe dlíthiúla, ghlac an Bord cinneadh

nach bhfuil gá le tuilleadh comhaltaí faoi láthair ach tá sé sin á choimeád faoi athbhreithniú ag an mBord.

I dtús 2020 bhí 24 aturnae ar Phainéal na nIonadaithe Dlíthiúla. Cuireadh aturnae amháin leis an bpainéal le linn na bliana ar iarraidh ó othar ar mhian leis go bhfeidhmeodh an t-aturnae a d'fheidhmigh dó in imeachtaí coiriúla ag a éisteacht athbhreithnithe, rud a thug an líon go 25 i ndeireadh 2020.

Ocht gcás an meánlíon cásanna a sannadh d'aturnaetha ar an bPainéal in 2020. Sannadh meánlíon 15 chás an duine don phríomhcheathairíl d'aturnaetha, i gcomparáid le 13 in 2019. Sannadh meánlíon 9 gcás don dara agus an tríú ceathairíl, i gcomparáid le seacht gcás an bhliain roimhe sin. Sannadh meánlíon 1 chás an duine don bhuncheathairíl in 2020 agus 2019. (Féach Foscríbhinn E maidir leis seo)

## 5. <u>ORDUITHE UM URSCAOILEADH</u>

Le linn thréimhse an tuairiscithe, cheadaigh an Bord urscaoileadh coinníollach ón bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar i leith seisear othar, i gcomparáid le cúigear in 2019. Seacht mbliana an mheánré choinneála san ospidéal do na hothair a ur-scaoileadh go coinníollach. Mhair an dá cheann ba ghiorra ar feadh ceithre bliana, agus mhair an dá cheann ab fhaide 10 mbliana ar an meán. Is ceart a thabhairt do d'aire nach foras riachtanach ná leordhóthanach é an fad ama, ann féin, a dhéanfar othar a choinneáil san ospidéal chun urscaoileadh coinníollach a dheonú. (Féach Foscríbhinn F maidir leis seo).

Fuarthas ceithre iarratas ar urscaoileadh neamhchoinníollach in 2020 ó othair a rabhthas tar éis iad a urscaoileadh go coinníollach ar feadh 12 mhí nó níos faide. Bhí dhá iarratas nach raibh curtha i gcrích ann ón mbliain roimhe freisin. Dheonaigh an Bord trí urscaoileadh neamhchoinníollach in 2020 agus diúltaíodh d'aon iarratas amháin. Tharraing iarratasóir amháin iarratas siar agus cuireadh éisteacht iarratais eile ar athló, le hatosú in 2021.

## 6. AN CION, NÓ AN CION LÍOMHNAITHE, BA THROMCHÚISÍ

Ar áireamh sna cionta, nó sna cionta líomhnaithe, inar cúisíodh, nó inar ciontaíodh othair a bhí arna gcoinneáil sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar bhí dúnmharú, iarracht ar dhúnmharú, dúnorgain, ionsaí ba thrúig mórdhíobhála coirp agus coirloscadh. As an 90 othar a ndearnadh athbhreithniú ar a gcoinneáil, bhí 41 díobh cúisithe, nó ciontaithe, i ndúnmharú. Duine de theaghlach an othair a bhí i móramh d'íospartaigh an chiona nó an chiona líomhnaithe sin. Cúisíodh nó ciontaíodh naoi n-othar in iarracht ar dhúnmharú/dúnorgain/tiomáint chontúirteach ba thrúig bháis. Cúisíodh nó ciontaíodh 24 othar in ionsaí ba thrúig díobhála / mórdhíobhála coirp agus ceathrar díobh i gcoirloscadh. Ar áireamh sna cionta eile bhí ionsaí gnéasach, bagairt duine a mharú, ciapadh, príosúnú neamhdhleathach, iarracht leanbh a fhuadach, foghail a dhéanamh agus scian a shealbhú le hintinn díobháil a dhéanamh, sceana a shealbhú agus imeaglú, agus bagairt stáisiún Gardaí a chur trí thine. (Féach Foscríbhinn G maidir leis seo).

## 7. IMEACHTAÍ DLÍ

Mar a tuairiscíodh anuraidh, ghéill an Chúirt Uachtarach, i mí Dheireadh Fómhair 2019, d'iarratas ar chead achomharc a dhéanamh i gcoinne chinneadh na Cúirte Achomhairc

***(MC v. An Stiúrthóir Cliniciúil, An Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar agus an Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) (Fógra- Pháirtí)).*** D'éist an Chúirt Uachtarach an t-achomharc i mí an Mhárta, 2020, agus thug an Breitheamh Baker breithiúnas aontola na Cúirte ar an 4 Meitheamh, 2020. Ó thaobh an Bhoird Athbhreithnithe de, cuireadh soiléiriú ar fáil leis an mbreithiúnas sin maidir le hAlt 13A den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, arna leasú. Dúirt an Chúirt go gcuirtear oibleagáid shainordaitheach ar an Stiúrthóir Cliniciúil le hAlt 13A socruithe a dhéanamh maidir le hurscaoileadh coinníollach othair, fiú i gcás nach gcomhaontaíonn an Stiúrthóir Cliniciúil le cinneadh an Bhoird urscaoileadh a dhéanamh go coinníollach. Maidir leis an gcinneadh i dtaobh coinníollacha a fhorchur agus cineál na gcoinníollacha sin, is ní don Bhord é sin go sainráite. *(**Tagairt na Cúirte Uachtaraí S:AP:IE2019:000136**).*

## 8. FAISNÉIS AIRGEADAIS

Maoiníodh an Bord Athbhreithnithe as Fo-cheannteideal B.10 de Vóta Oifig an Aire Dlí agus Cirt. In 2020, fuair an Bord Athbhreithnithe leithdháileadh €288,000 as an mbuiséad. €304,000 an caiteachas iomlán a bhí ag an mBord. Fuair an Bord cead ó Aonad Bainistíochta Airgeadais na Roinne maidir leis an gcaiteachas méadaithe in 2020. Cloíonn an Bord Athbhreithnithe leis an gCód Caiteachais Phoiblí. Is iad seo a leanas na príomh-mhíreanna caiteachais:

| | |
|---|---:|
| Táillí Chomhaltaí an Bhoird | *€103,500 |
| Cúnamh Dlíthiúil in Aisce | €101,645 |
| Táille an Chathaoirligh | **€53,156 |
| Costais dlí | €39,734 |

*Táillí a bhain le Nollaig 2019 agus a íocadh i mí Eanáir 2020 san áireamh. Níl táillí a bhain le Nollaig 2020 agus a íocadh i mí Eanáir 2021 san áireamh.

**Íoctar táille bhliantúil €70,875 leis an gCathaoirleach i dtráthchodanna ráithiúla. Íocadh an íocaíocht deiridh, a bhain le Nollaig 2020, i mí Eanáir 2021.

## 9. SAINFHÁIL

**Tairiscintí le haghaidh Seirbhísí Ateangaireachta ag Éisteachtaí Athbhreithnithe**

D'eisigh an Bord Athbhreithnithe cúig thairiscint aon uaire le ríomhphost in 2020 maidir le seirbhísí ateangaireachta a sholáthar d'othair ag éisteachtaí athbhreithnithe.

## 10. NOCHTADH COSANTA

Tá Beartas um Nochtadh Cosanta na Roinne Dlí agus Cirt glactha ag an mBord Athbhreithnithe mar bheartas an Bhoird maidir le nochtaí cosanta san áit oibre. I gcomhréir le ceanglais tuairiscithe, dearbhaítear nach bhfuarthas aon tuairisc nochta chosanta in 2020.

## 11. COSAINT SONRAÍ

Tá beartas um chosaint sonraí na Roinne Dlí agus Cirt glactha ag an mBord Athbhreithnithe. Mar gheall ar mhéid an Bhoird, ní mheastar é a bheith indéanta ag an mBord Oifigeach Cosanta Sonraí dá chuid féin a cheapadh. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí na Roinne ceaptha mar Oifigeach Cosanta Sonraí don Bhord.

## 12. DUALGAS NA hEARNÁLA POIBLÍ UM CHOMHIONANNAS AGUS CEARTA AN DUINE

Tá an Bord Athbhreithnithe tiomanta dá chinntiú go gcomhlíontar a fhreagrachtaí faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, lena gcuirtear oibleagáid dhearfach ar chomhlachtaí poiblí, le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, aird a thabhairt ar an ngá atá ann an t-idirdhealú a dhíchur, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta daonna foirne agus

daoine dá soláthraítear seirbhísí a chosaint. Choimeád an Bord Ath-bhreithnithe an dualgas sin i gcuimhne le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh in 2020.

## 13. RIALACHAS AGUS RIALUITHE INMHEÁNACHA

### Comhaltas agus Struchtúr an Bhoird Athbhreithnithe

Is comhlacht garbhreithiúnach é an Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) a dhéanann athbhreithniú ar choinneáil othar a bhíonn á gcoinneáil sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006. Ní bord rialachais é an Bord Athbhreithnithe. Is iad atá ar an mBord Cathaoirleach agus aon líon gnáthchomhaltaí a theastóidh ón Aire Dlí agus Cirt tar éis dó nó di dul i gcomhairle leis an Aire Sláinte. Is Breitheamh scortha den Ard-Chúirt an Cathaoir-leach atá ann faoi láthair agus tá triúr gnáthchomhaltaí air, ar síciatraithe sain-chomhairleacha beirt díobh agus ar síciteiripeoir comhairleach duine díobh. De réir mar a fhoráiltear le hAcht 2006, is é nó í an tAire a cheapann comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhse cúig bliana. Leagtar amach faoi seo comhaltas an Bhoird in 2020 agus dáta ceaptha na gcomhaltaí:

| Comhalta | Dáta ceaptha |
|---|---|
| An Breitheamh Uasal Iarfhlaith Ó Néill, Cathaoirleach | Meán Fómhair 2014<br>Athcheaptha Meán Fómhair 2019 |
| An Dr. Katherine Brown, Síciatraí Sainchomhairleach | Bealtaine 2017 |
| Nóra McGarry Uas., Síciteiripeoir Comhairleach | Meán Fómhair 2011<br>Athcheaptha Meán Fómhair 2016 |
| An Dr. Elizabeth Walsh, Síciatraí Sainchomhairleach | Eanáir 2013<br>Athcheaptha Eanáir 2018 |

**Cothromaíocht Inscne**

Is faoin Roinn Dlí agus Cirt atá sé comhaltaí a cheapadh ar an mBord Athbhreithnithe agus níl aon bhaint ag an mBord le ceapacháin. Amhail ar an 31 Nollaig 2020, bhí fear amháin (25%) agus triúr ban (75%) mar chomhaltaí ar an mBord Athbhreithnithe.

**Freastal ar Éisteachtaí agus Táillí**

De ghnáth, is le haghaidh éisteachtaí agus pléití réamhéisteachta amháin a thagann an Bord Athbhreithnithe le chéile. Le linn dó athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil othar, suíonn an Bord i bpainéal ar a mbíonn triúr, agus bíonn an Cathaoirleach agus síciatraí sainchomhairleach amháin ar a laghad ar an bpainéal i gcónaí.

Táille €250 a íoctar le gnáthchomhaltaí in aghaidh gach éisteachta athbhreithnithe ar a ndéanann siad freastal. Íoctar an táille chéanna i leith freastal ar éisteachtaí i dtaca le hiarratais ar urscaoileadh neamhchoinníollach agus i dtaca le hiarratais chun coinníollacha a bhaineann le hurscaoileadh a leasú nó a athrú. In 2020, d'fhreastail gach comhalta Boird ar éisteachtaí a raibh siad in ainm freastal orthu. D'fhreastail an Dr. Brown ar 99 éisteacht, d'fhreastail Nóra McGarry Uasal ar 209 éisteacht agus d'fhreastail an Dr. Walsh ar 110 éisteacht.

Is é nó í an Cathaoirleach a bhíonn i gceannas ar gach éisteacht athbhreithnithe agus ar éisteachtaí chun iarratais ar urscaoileadh neamhchoinníollach a bhreithniú agus iarratais chun coinníollacha a leasú. Tugann an Cathaoirleach comhairle agus treoir don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin freisin maidir le gnó an Bhoird a bhainistiú agus maidir le haon chás dlí ar páirtí ann an Bord a bhainistiú. Íoctar táille bhliantúil €70,875 leis an gCathaoirleach.

**Fostaithe**

Is Leas-Phríomh-Oifigeach sa Roinn Dlí agus Cirt í Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin an Bhoird, Paula Connolly Uas., a chaitheann cuid dá cuid ama le dualgais mar Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin an Bhoird. Tá an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin freagrach as gnó agus acmhainní an Bhoird a bhainistiú agus a riaradh ó lá go lá. Ní íoctar táille ar leithligh leis an bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin as a cuid oibre leis an mBord Athbhreithnithe.

Tacaíonn Ardoifigeach Feidhmiúcháin agus Oifigeach Cléireachais, atá ar iasacht ón Roinn Dlí agus Cirt, leis an mBord Athbhreithnithe. Is státseirbhísigh atá ar fhoireann an Bhoird Athbhreithnithe agus íoctar rátaí pá iomchuí na státseirbhíse a bhaineann lena ngrád leo.

Déanann Ionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe íocaíocht tháillí na gComhaltaí Boird a phróiseáil. Déanann Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt íocaíochtaí eile a phróiseáil.

**Formhaoirsiú agus Rialuithe Inmheánacha**

I gcomhréir leis an g*Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016*, thángthas ar Chomhaontú Formhaoirsithe don tréimhse 2020 – 2022 leis an Roinn Dlí agus Cirt agus shínigh an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin é thar ceann an Bhoird Athbhreithnithe. Leanfaidh an Comhaontú i bhfeidhm go dtí deireadh na bliana 2022, le foráil go ndéanfar é a athbhreithniú agus a nuashonrú tuairim is gach 12 mhí, más gá. Tá an fhoráil *'Comhlíon nó Mínigh'* den Chód Cleachtais curtha i bhfeidhm ag an Roinn maidir leis an mBord Athbhreithnithe. Comhaontaítear sa Chomhaontú go ndéanfaidh an

Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin an Tuarascáil Chuimsitheach a cheanglaítear a thabhairt don Aire, i dteannta Thuarascáil Bhliantúil an Bhoird.

Maidir le rialuithe inmheánacha agus bainistiú priacail, déanann an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin measúnú bliantúil ar phríomhphriacail an Bhoird agus déantar na priacail a shainaithnítear a áireamh ar Chlár Priacail an Bhoird. Ar na príomhphriacail atá sainaitheanta tá éisteachtaí athbhreithnithe gan a bheith curtha i gcrích laistigh den teorainn ama reachtúil agus argóint lag a bheith déanta le linn aon dlíthíocht arna tionscnamh i gcoinne an Bhoird a bheith á cosaint. Trí bhearta maolaitheacha a dhéanamh, táthar á chinntiú go gcuirtear athbhreithnithe i gcrích de réir an dlí, go gcoimeádtar rianúchán ar chásanna agus go soláthraítear mionteagasc cuí do chomhairleoirí dlí an Bhoird chun aon dlíthíocht a chosaint.

Ní mheastar gurb indéanta don Bhord Aonad Iniúchóireachta nó Coiste Iniúchóireachta agus Priacail dá chuid féin a bhunú mar gheall ar mhéid an Bhoird. Ina ionad sin, tá socruithe eile curtha ar bun chun a cheadú don Bhord rochtain a bheith aige ar Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus ar Choiste Iniúchóireachta agus Priacail na Roinne i ndáil le rialachas airgeadais.

Ní chuirtear ceangal leis an reachtaíocht bhunaitheach ar an mBord Athbhreithnithe Ráitis Airgeadais a thabhairt ar aird. Déanann Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin an Bhoird idirchaidreamh le hIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt, agus tugann an tIonad tuarascáil ar ioncam agus caiteachas an Bhoird i dtuarascálacha bainistíochta míosúla na Roinne. Déanann an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin na tuarascálacha míosúla a choimeád faoi athbhreithniú agus tá

nósanna imeachta curtha ar bun chun a chinntiú go n-údaraítear caiteachas de réir threoirlínte na Roinne.

Foilsíonn an Bord Athbhreithnithe staidreamh iomchuí maidir lena aschur ina Thuarascáil Bhliantúil a chuirtear faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin an Bhoird. Ag féachaint do mhéid an Bhoird agus don bhonn reachtúil atá lena shainchúram, ar sainchúram é nach n-athraítear mura ndéantar reachtaíocht a leasú, níor measadh gur gá don Bhord plean straitéiseach a ullmhú.

Maidir le sainfháil, cinntíonn an Bord gurb é an gnás tairiscintí iomaíocha a lorg ina phróisis sainfhála. Déanann an Bord Athbhreithnithe aon tairiscintí a sheoladh i gcomhairle la hAonad Sainfhála na Roinne Dlí agus Cirt agus cloíonn an Bord le beartais agus treoirlínte na seirbhíse poiblí maidir le sainfháil.

**Tabhair do d'aire:**
**Tá an t-ábhar seo a leanas le fáil ar shuíomh gréasáin an Bhoird (www.mhclrb.ie)**


**Comhdhlúthú riaracháin ar an Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, arna ullmhú ag an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí; (www.lawreform.ie/_fileupload/revisedacts/withannotations/en_act_2006_0011.pdf)**

**Nósanna Imeachta an Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)**
**https://www.mhclrb.ie/wp-content/uploads/2020/06/Procedures-MHRB.pdf**

**Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime um Chúnamh Dlí Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil), 2006**
**https://www.mhclrb.ie/wp-content/uploads/2020/06/Terms-Conditions-of-MHCLRB.pdf**

## Líon na nÉisteachtaí in aghaidh na Míosa, 2020/2019

| Mí | Líon na nÉisteachtaí in 2020 | % den Iomlán in 2020 | Líon na nÉisteachtaí in 2019 | % den Iomlán in 2019 |
|---|---|---|---|---|
| **Eanáir** | 20 | 10% | 15 | 7% |
| **Feabhra** | 14 | 7% | 16 | 8% |
| **Márta** | 16 | 8% | 21 | 11% |
| **Aibreán** | 18 | 9% | 21 | 11% |
| **Bealtaine** | 17 | 8% | 11 | 6% |
| **Meitheamh** | 20 | 10% | 17 | 9% |
| **Iúil** | 14 | 7% | 15 | 7% |
| **Lúnasa** | 15 | 7% | 21 | 11% |
| **Meán Fómhair** | 18 | 9% | 13 | 6% |
| **Deireadh Fómhair** | 14 | 7% | 17 | 9% |
| **Samhain** | 22 | 11% | 16 | 8% |
| **Nollaig** | 15 | 7% | 15 | 7% |
| **Iomlán** | **203** | **100%** | **198** | **100%** |




**Foscríbhinn B**

## Líon na nOthar a Athbhreithníodh in aghaidh Diagnóise in 2020/2019

| Diagnóis | Líon na n-othar a athbhreithníodh in 2020 | % den Iomlán in 2020 | Líon na n-othar a athbhreithníodh 2019 | % den Iomlán in 2019 |
|---|---|---|---|---|
| **Scitsifréine** | 60 | 66% | 60 | 66% |
| **Neamhord Scitseamothachtálach** | 15 | 17% | 17 | 19% |
| **Neamhoird eile** | 15 | 17% | 14 | 15% |
| **Iomlán** | **90** | **100%** | **91** | **100%** |


**I measc na Neamhord Eile, tá:**
Neamhord Mothachtálach Dé-Pholach
Dúlagar síceoiseach
Neamhord de chuid speictream an uathachais
Siondróm Asperger
Síocóis Mhothachtálach
Síocóis Orgánach
Neamhord Dúlagair Athfhillteach Trom le Gnéithe Síocóiseacha
Taom Síocóise/Géarthaom Síocóise



**Foscríbhinn C**

## Líon na nÉisteachtaí in 2020/2019 in aghaidh Chineál an Athbhreithnithe

| Cineál an Athbhreithnithe | Líon na Athbhreithnuithe in 2020 | % den iomlán in 2020 | Líon na Athbhreithnuithe in 2019 | % den Iomlán in 2019 |
|---|---|---|---|---|
| **1ú hAthbhreithniú** | 8 | 4% | 10 | 5% |
| **2ú-5ú hAthbhreithniú** | 35 | 17% | 40 | 20% |
| **6ú-10ú hAthbhreithniú** | 39 | 19% | 43 | 22% |
| **11ú-15ú hAthbhreithniú** | 46 | 23% | 40 | 20% |
| **16ú-20ú hAthbhreithniú** | 26 | 13% | 16 | 8% |
| **21ú-25ú hAthbhreithniú** | 13 | 7% | 15 | 8% |
| **26ú-30ú hAthbhreithniú** | 7 | 3% | 25 | 13% |
| **31ú-35ú hAthbhreithniú** | 29 | 14% | 9 | 4% |
| **Iomlán** | **203** | **100%** | **198** | **100%** |




## Líon na nÉisteachtaí in 2020/2019 in aghaidh an Ailt den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, arna leasú

| Alt d'Acht 2006 | Líon na Éisteachtaí 2020 | % na 2020 Iomlán | Líon na Éisteachtaí 2019 | % na 2019 Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Alt 4(3) | 4 | 2% | 5 | 3% |
| Alt 4(5) | 16 | 8% | 17 | 8% |
| Alt 5(2) | 161 | 79% | 150 | 76% |
| Alt 15(1) | 1 | 1% | 2 | 1% |
| Alt 15(2) | 19 | 9% | 23 | 11% |
| Alt 15(5) | 2 | 1% | 1 | 1% |
| **Iomlán** | **203** | **100%** | **198** | **100%** |

Tabhair do d'aire: Tá othar amháin coinnithe faoi Alt 5(2) agus Alt15(1). Ní dhéantar coinneáil an othair sin a chomhaireamh ach faoi Alt 5(2).

| | |
|---|---|
| **Alt 4(3)** | Neamh-inniúil ar Phléadáil, an Cúirt Dúiche |
| **Alt 4(5)** | Neamh-inniúil ar Phléadáil, Cúirt Eile |
| **Alt 5(2)** | Neamhchiontach de dheasca gealtachta |
| **Alt 15(1)** | Aistriú deonach ó Príosún |
| **Alt 15(2)** | Aistriú neamhdheonach ó Phríosún |
| **Alt 15(5)** | Leanúint d'aistriú deonach ón bPríosún (tar éis diúltú do chúram nó do chóireáil) |



**<u>Meánlíon na gCásanna a Sannadh d'Ionadaithe Dlíthiúla ar an bPainéal um Chúnamh Dlíthiúil in 2020/2019</u>**

| **Bliain** | **Líon na nIonadaithe Dlíthiúla ar an bPainéal** | **Meánlíon na gcásanna a sannadh** | **Meánlíon na gcásanna a sannadh An Phríomh-cheathairíl** | **Meánlíon na gcásanna a sannadh An 2ú & an 3ú Ceathairíl** | **Meánlíon na gcásanna a sannadh An Bhun-cheathairíl** |
|---|---|---|---|---|---|
| **2020** | 25** | 8 | 15 | 9 | 1 |
| **2019** | 27* | 7 | 13 | 7 | 1 |

* *I ndeireadh 2020 bhí 25 comhalta ar an bPainéal. Le linn na bliana, ceapadh comhalta breise amháin.

* I ndeireadh 2019 bhí 24 comhalta ar an bPainéal. Le linn na bliana, ceapadh comhalta breise amháin agus d'éirigh triúr as. Tá na comhaltaí a d'éirigh as san áireamh sna figiúirí de bhrí gur sannadh cásanna dóibh i rith na bliana.

**Líon na nOthar a Urscaoileadh go Coinníollach in 2020/2019**

| Mí an Ordaithe um Urscaoileadh Coinníollach | Líon na nOthar 2020 | Líon na nOthar 2019 |
|---|---|---|
| **Feabhra** | 1 | |
| **Márta** | | 1 |
| **Aibreán** | | 1 |
| **Meitheamh** | 2 | 2 |
| **Samhain** | 2 | 1 |
| **Nollaig** | 1 | |
| **Iomlán** | **6** | **5** |

## An Cion, nó an Cion Líomhnaithe, ba Thromchúisí a rinne othair a ndearnadh athbhreithniú ar a gcoinneáil in 2020

| Cineál an Chiona nó an Chiona Líomhnaithe | Líon na n-othar a cúisíodh, nó a ciontaíodh, i gcion | |
|---|---|---|
| **Dúnmharú** | **41** | |
| i gcás inar dhuine den teaghlach an t-íospartach | | 22 |
| i gcás ina raibh aithne ag an othar ar an íospartach | | 9 |
| i gcás inar strainséir an t-íospartach | | 10 |
| **Iarracht ar Dhúnmharú / Dúnorgain/Tiomáint chontúirteach ba thrúig bháis** | **9** | |
| i gcás inar dhuine den teaghlach an t-íospartach / ina raibh aithne ag an othar ar an íospartach | | 5 |
| i gcás inar strainséir an t-íospartach | | 4 |
| **Ionsaí ba thrúig díobhála/mórdhíobhála coirp** | **24** | |
| i gcás inar dhuine den teaghlach an t-íospartach | | 5 |
| i gcás ina raibh aithne ag an othar ar an íospartach | | 4 |
| i gcás inar strainséir an t-íospartach | | 15 |
| **Coirloscadh** | **4** | |
| **Eile** | **12** | |
| **Iomlán** | **90** | |

**Tabhair do d'aire**

1) Maidir le hothair a ciontaíodh, nó a cúisíodh i níos mó ná cion/cion líomhnaithe amháin, cuireadh i gcatagóir iad de réir an chiona/an chiona líomhnaithe ba thromchúisí.

2) I líon beag de na cásanna, bhí níos mó ná íospartach amháin i gceist sa chion inar cúisíodh nó inar ciontaíodh an t-othar.

3) Áirítear sa chatagóir "**Eile**" ionsaí gnéasach, bagairt duine a mharú, ciapadh, príosúnú neamhdhleathach, iarracht leanbh a fhuadach, foghail a dhéanamh agus scian a shealbhú le hintinn díobháil a dhéanamh, sceana a shealbhú agus imeaglú, bagairt Stáisiún Gardaí a chur trí thine.